C/2024/5681

20.9.2024

CINNEADH Ó ÚDARÁIS NA CIPIRE SÍNEADH A CHUR LEIS AN IDIRTHRÉIMHSE CHUN AN TSONRAÍOCHT TÁIRGE LE HAGHAIDH AN AINMNIÚCHÁIN TIONSCNAIMH FAOI CHOSAINT A CHOMHLÍONADH

‘Χαλλούμι / Halloumi / Hellim’ (ATFC)

(C/2024/5681)

Foilsítear an Cinneadh seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* chun críoch faisnéise i gcomhréir le hAirteagal 20(7) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

GNÍOMH RIARACHÁIN RIALÁLA 252/2024

IRIS OIFIGIÚIL
PHOBLACHT NA CIPIRE

FOSCRÍBHINN III

CUID I

GNÍOMHARTHA RIARACHÁIN RIALÁLA

Uimh. 5883	**Dé Luain, an 8 Iúil 2024**	**1789**

Uimh. 252

CINNEADH DE BHUN AIRTEAGAL 20(7) DE RIALACHÁN (AE) 2024/1143 MAIDIR LE TÁSCA GEOGRAFACHA LE hAGHAIDH FÍONA, DEOCHANNA BIOTÁILLEACHA AGUS TÁIRGÍ TALMHAÍOCHTA, CHOMH MAITH LE SAINEARRAÍ TRAIDISIÚNTA FAOI RÁTHAÍOCHT AGUS TÉARMAÍ ROGHNACHA CÁILÍOCHTA LE hAGHAIDH TÁIRGÍ TALMHAÍOCHTA, LENA LEASAÍTEAR RIALACHÁIN (AE) UIMH. 1308/2013, (AE) 2019/787 AGUS (AE) 2019/1753 AGUS LENA nAISGHAIRTEAR RIALACHÁN (AE) UIMH. 1151/2012

DE BHRÍ, tar éis ghlacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/591 ón gCoimisiún an 12 Aibreán 2021, gur cláraíodh an t-ainm ‘Χαλλούμι / Halloumi / Hellim’ mar Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint (ATFC) I gclár na n-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus na dtásc geografach faoi chosaint,

DE BHRÍ gur fhormheas an tAire Talmhaíochta, Forbartha Tuaithe agus Comhshaoil, lena chinneadh i nGníomh Riaracháin Rialála (GRR) 326/2014 an 9 Iúil 2014, ar bhonn Airteagal 15(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí, idirthréimhse 10 mbliana ar lena linn is í an chomhréir a bheidh idir na cineálacha bainne sa táirge atá le hainmniú mar Χαλλούμι / Halloumi / Hellim an chomhréir a leagtar síos san Fhoraithne arna heisiúint ag an Aire Fuinnimh, Tráchtála agus Tionscail de bhun an Dlí maidir le Caighdeánú, Creidiúnú agus Faisnéis Theicniúil,

([1]) IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europ.eu/eli/reg/2024/1143/oj.

DE BHRÍ go bhfuil iarrachtaí á ndéanamh ag an Aireacht Talmhaíochta, Forbartha Tuaithe agus Comhshaoil táirgeadh bainne gabhair agus caorach a mhéadú de réir a chéile ionas gur féidir le gach táirgeoir an tsonraíocht táirgthe le haghaidh an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint 'Χαλλούμι / Halloumi / Hellim' (ATFC) a chomhlíonadh faoi dheireadh na hidirthréimhse,

DE BHRÍ go bhfuil na cainníochtaí bainne caorach agus gabhair atá ar fáil faoi láthair mar an gcéanna leis an mbliain seo caite, ní féidir le gach táirgeoir halloumi sonraíocht an ainmniúcháin chláraithe Χαλλούμι / Halloumi / Hellim (ATFC) a chomhlíonadh, lena bhforáiltear nach mór cainníocht an bhainne caorach nó gabhair, nó cumasc den dá cheann, a bheith níos mó ná méid an bhainne bó i gcónaí,

DE BHRÍ gur mó ná 5 bliana anois an méid ama idir an t-iarratas ar chlárú an ainm ag céim an Aontais agus clárú an ainm Χαλλούμι / Halloumi / Hellim mar Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint.

Ar bhonn Airteagal 20(7) de Rialachán (AE) 2024/1143, chinn an tAire Talmhaíochta, Forbartha Tuaithe agus Comhshaoil síneadh 5 bliana eile a chur leis an idirthréimhse. Cuirfear tús leis na 5 bliana breise den idirthréimhse ón dáta a thiocfaidh deireadh leis an idirthréimhse 10 mbliana, de réir GRR 326/2014, i.e. ón 9 Iúil 2024. Le linn na hidirthréimhse níos faide sin, is mar a leagtar síos san Fhoraithne arna heisiúint ag an Aire Fuinnimh, Tráchtála agus Tionscail de bhun an Dlí maidir le Caighdeánú, Creidiúnú agus Faisnéis Theicniúil a bheidh an cion íosta de bhainne caorach agus gabhair sna hamhábhair a úsáidtear chun an táirge ar a bhfuil an t-ainmniúchán Χαλλούμι / Halloumi / Hellim a ullmhú.

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ón 10 Iúil 2024.

Arna eisiúint an 8 Iúil 2024

Maria PANAYIOTOU,
An tAire Talmhaíochta, Forbartha Tuaithe agus Comhshaoil